# An Siopa Leictreonaice

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - airgead, deachúlacha, céatadáin, codáin<br>Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht,*<br>*An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | céatadán, codán, luach, luachmhar, meán, costas |
| **Áiseanna** | áireamháin, suíomhanna gréasáin siopadóireachta, peann luaidhe, páipéar, Uirlis Airgid Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Fiosraíonn daltaí cá mhéad ainmhí agus cá mhéad grúpa difriúil d'ainmhithe feirme a mheaitseálann le líon cos faoi leith.

Oibríonn daltaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Ansin, ní mór dóibh an oiread coimisiún is féidir a shaothrú sa tsiopa dá n-oibreodh siad ann, agus dá ndíolfadh siad an t-earra ón liosta thíos a ríomh. Is iad na rátaí coimisiúin sa tsiopa seo ná:

- Ríomhairí agus táibléid 5%
- Cluichí 5%
- Consól cluichí 15%
- Gutháin 15%
- Uaireadóirí cliste 10%
- Gléasanna baile cliste 10%
- Ceamaraí 20%
- Teilifíseáin 20%
- Dearbháin 2%

Agus an Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid ag na daltaí, thig leo praghsanna difriúla agus coimisiún a léiriú. Thig leo an t-achar ama a ghlacfadh sé méid airgid ar leith a shaothrú dá ndíolfadh siad líon earraí ar leith thar thréimhse ar leith a fhiosrú. Mar shampla, 'Cá mhéad táibléad a bheadh ort a dhíol le £1000 coimisiún a shaothrú?' Thiocfadh leo taighde a dhéanamh ar na hearraí a bhfuil an tóir is mó orthu, agus amanna den bhliain nuair a mhéadódh nó a laghdódh na díolacháin seo a fhiosrú, e.g. Nollaig, Lá na nAithreacha, Aoine Mhór na Siopadóireachta, Sladmhargaí an Eanáir srl.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé acu earra a shaothródh an coimisiún is airde duit?<br>• Cé acu earra a shaothródh an coimisiún is ísle duit?<br>• Cad é an difear idir x agus y maidir le coimisiún saothraithe?<br>• Cad é meánchostas ar ghléas digiteach sa tsiopa seo? | • Cad é mar a ríomh tú an coimisiún? Mínigh do straitéis.<br>• An raibh roinnt céatadán níos simplí a aimsiú ná cinn eile?<br>• Dá mba chúntóir díolacháin sa tsiopa seo thú, cad iad na hearraí a chuirfeá chun cinn? Cad chuige?<br>• Dá mba rud é go raibh tú ag iarraidh £1000 coimisiún a shaothrú, cad iad na hearraí a bheadh ort a dhíol? |

## Difreáil

Socraigh comhthéacs na gníomhaíochta le freastal ar shuim agus ar thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, is féidir siopa difriúil a úsáid. Socraigh praghsáil táirge agus rátaí coimisiúin de réir mar is gá. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

| Earra | Costas £ | Coimisiún |
|---|---|---|
| Ríomhaire glúine | 480 | |
| Uaireadóir cliste | 460 | |
| Táibléad | 130 | |
| Ceamara | 1400 | |
| Guthán | 600 | |
| Teilifíseán | 4000 | |
| Consól cluichí | 750 | |
| Gléas baile cliste | 125 | |
| Cluiche don Chonsól cluichí | 70 | |
| Dearbhán | 50 | |